

Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta

2020

Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2 D02 W773

Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: sipo@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland


Samhain 2021

Clár Ábhair

Brollach	3
Caibidil 1: Réamhrá	4
Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad	5
Suim na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta.....	6
Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta	7
Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2020.....	8
Tábla: Líon na n-aonad cuntasaíochta de réir pháirtí polaitíochta	8
Caibidil 4: Doiciméid reachtúla a fhoilsú	9
Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2020.....	10
Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2020.....	11

Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Comhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú. Baineann an tuarascáil seo le ráitis/dearbhuithe bliantúla maidir le síntiúis airgid agus le dearbhuithe reachtúla i dtaca le 2020, a chuir páirtithe polaitíochta faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi réir alt 24 den Acht.



Garrett Sheehan

Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Samhain 2021

Caibidil 1: Réamhrá

Tráth nach déanaí ná 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta atá cláraithe, ráiteas síntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) don bhliain féilire roimhe sin, ina nochtar síntiúis áirithe a tugadh don pháirtí. Ní mór don pháirtí freisin, ráiteas maidir le haon chuntas a bhaineann le síntiúis pholaitíochta atá aige in institiúid airgeadais, a sholáthar don bhliain tuairiscithe. Ar deireadh, ní mór don pháirtí dearbhú síntiúis airgid a sholáthar.

Bhí sé de dhualgas ar gach páirtí polaitíochta a bhí cláraithe in 2020 na doiciméid seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh 31 Márta 2021. Sa bhliain 2020, bhí 24 páirtí polaitíochta ann a bhí cláraithe agus ceanglaíodh orthu tuairisceáin a chur isteach.

In Aguisín 1 tá liosta ar fáil de na páirtithe polaitíochta cláraithe a raibh ceangal orthu ráiteas tabhartais a chomhdú.

Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad

Tá sé ceadaithe ag páirtithe polaitíochta síntiúis a fháil ó dheontóirí éagsúla – ó dhaoine aonair ina gcónaí in Éirinn, saoránaigh Éireannacha ina gcónaí thar lear, agus deontóirí corparáideacha cláraithe nó neamhchláraithe. Tá na tabhartais seo faoi réir ag teorainneacha reachtúla agus tairseach nocht. Ina theannta sin, cuireann an tAcht Toghcháin 1997, arna leasú (an tAcht) cosc ar shíntiúis áirithe, lena n-áirítear iad siúd atá os cionn na teorainneacha atá ceadaithe, agus síntiúis ó lasmuigh d'Éirinn, seachas iad siúd atá ceadaithe go sonrach i gcúinsí áirithe.

Sa chás go bhfaigheann páirtí síntiús ar mhó a luach ná €100, ní mór dó cuntas le haghaidh síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil in institiúid airgeadais aitheanta, ina lóisteálfar an t-airgead sin agus aon síntiús eile a bhfaighfear sa todhchaí.

Is é €2,500 an t-uasmhéid ar féidir le páirtí polaitíochta a ghlacadh mar shíntiús ón deontóir céanna, pé acu duine aonair nó deontóir corparáideach, san aon bhliain féilire amháin.

Ní fhéadfaidh páirtí glacadh le síntiús corparáideach ná le síntiús gnó ar mó a luach ná €200 ach amháin i gcás go bhfuil an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún ar Chlár na nDeontóirí Corparáideacha. Chomh maith leis sin, coisctear ar pháirtí polaitíochta glacadh le síntiús eachtracha de shuim ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann.

Ní mór don oifigeach atá freagrach as aonad cuntasáíochta na nithe a leanas a sholáthar don Choimisiún gach bliain:

- ráiteas síntiúis ina léirítear cé acu a fuair nó nach bhfuair, an páirtí síntiús nó síntiúis, sa bhliain féilire roimhe, ar mhó a luach ná €1,500 (lena n-áirítear síntiúis ón bhfoinse chéanna a bhfuil luach comhiomlán aige de níos mó ná €1,500). Ní mór ainm agus seoladh poist an duine a thug an síntiús, nó ar tugadh an síntiús thar a cheann, agus tuairisc air, a thabhairt in éineacht leis na síntiúis a nochtar, agus
- más cuí, ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiúis, a leagann amach na hidirbhearta a tharla maidir leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus
- deimhniú a bhfuil a (h)ainm leis, ina luaitear gur lóisteáladh sa chuntas gach síntiús a fuarthas sa bhliain roimhe, agus gur chun críche polaitiúla a úsáideadh aon airgead a baineadh as an gcuntas (Deimhniú Síntiúis Airgid), agus
- dearbhú reachtúil, a bhfuil a (h)ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus a chreideann sé/sí, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é/í féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Fiú sa chás nach bhfuair páirtí polaitíochta síntiús ar bith nó mura bhfuil cuntas síntiúis ag an bpáirtí, ní mór tuairiscéan nialasach a dhéanamh.

Is féidir le páirtithe suimeanna níos lú a fháil mar shíntiús, agus ní chleanglaítear orthu suimeanna a nochtadh don Choimisiún ach amháin sa chás go bhfuil siad os cionn na tairsí reachtúla. Mar sin, is léiriú iad na suimeanna atá leagtha amach sa tuarascáil seo ar na síntiús a bhí os cionn na tairsí dearbhaithe, agus ní tuairisc iad ar gach síntiús a tugadh do pháirtí polaitíochta sa bhliain tuairiscithe.

Suim na síntiús ar nocht páirtithe polaitíochta iad

Ba é €152,686 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta le linn na bliana 2020. Tugtar in Aguisín 2 mionsonraí faoi na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta.

Chaill ceithre pháirtí dhéag as 24 a bhí cláraithe an spríodháta de 31 Márta a bhí ann chun síntiús a thuairisciú. Toisc go bhfuil gach páirtí i gcomhréir anois den chuid is mó, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gan aon neamhchomhlíontacht a chur ar aghaidh go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ráitis síntiús agus ar na doiciméid a ghabhann leo, agus rinne sé fiosrúchán maidir le lóisteálacha a bhí os cionn na tairsí atá ceadaithe nó mura raibh sé soiléir cérbh é/í an deontóir. Ní raibh aon fhianaise ann nár comhlíonadh fhorálacha an Achta. Nocht páirtí amháin, Cumann na Saoirse, go réamhghníomhach, dhá shíntiús nach raibh ceadaithe ó dheontóirí anaithnid, agus cuireadar na suimeanna iomlána ar aghaidh chuig an Státchiste. Cuireadh san áireamh i ráiteas a rinne páirtí eile, Páirtí an Lucht Oibre, trí shíntiús a bhí faoi bhun na tairsí is gá chun nochtadh a dhéanamh.

Seo thíos achoimre ar na síntiús a nochtadh:

Páirtí	Iomlán na Síntiús a Nochtadh €
Fine Gael	46,168
An Comhaontas Glas	11,500
Páirtí an Lucht Oibre*	17,950
An Páirtí Náisiúnta	2,500
Sinn Féin	70,668
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe	1,500
Páirtí na nOibrithe	2,400
Iomlán	152,686

Nóta: Más cuí, slánaítear figiúirí suas go dtí an euro is giorra.

**Sa ráiteas síntiús, áiríodh trí shíntiús ina raibh €2,700 ar an iomlán, agus a bhí faoi bhun na tairsí chun nochtadh a dhéanamh.*

Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta

De réir an tsainmhíthe a thugtar sna hAchtanna Toghcháin, ciallaíonn “aonad cuntasaíochta” craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid páirtí polaitíochta a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar mó a luach ná €100.

Cosúil leis an máthairpháirtí polaitíochta, ní mór d’aonad cuntasaíochta a fhaigheann síntiús airgid ar mó a luach ná €100, cuntas in institiúid airgeadais a oscailt agus a choinneáil agus an síntiús sin agus aon síntiús airgid bhreise a fhaigheann sé, is cuma cén luach a bhaineann leo, a lóisteáil sa chuntas sin.

Ní mór don “duine freagrach” de chuid aonad cuntasaíochta, is é sin le rá an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as deileáil le síntiús don aonad, na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain:

- ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta, ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus
- deimhniú, a bhfuil a (h)ainm leis, lena luaitear go ndearnadh na síntiús airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a lóisteáil sa chuntas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas (Deimhniú Síntiús Airgid), agus
- dearbhú reachtúil, a bhfuil a (h)ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus a chreideann sé/sí, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é/í féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Is cion é, faoi alt 25(1)(c) den Acht, don duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta loiceadh an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Fuair an Coimisiún na doiciméid go léir thuasluaite ó gach aonad cuntasaíochta don bhliain féilire 2020. Bhí ocht n-aonad cuntasaíochta, áfach, a chuir isteach Deimhniú Síntiús Airgeadais nach rabh síntithe nó dearbhú reachtúil nár fianáíodh nó an dá rud. Chomh maith leis sin, agus an tuarascáil seo á foilsiú, bhíothas fós ag feitheamh ar fhreagra ó dhá aonad cuntasaíochta maidir le ráitis bhainc. Táthar fós ag fiosrú na saincheisteana seo.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara go bhfuil sé ráite ag roinnt aonad cuntasaíochta go raibh deacrachtaí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Den chuid is mó, bhain na deacrachtaí leis an riachtanas ráitis a sholáthar ó institiúidí airgeadais.

Áiríodh i measc na saincheisteanna a aithníodh:

- rochtain a fháil ar ráitis bhainc na bliana féilire roimhe sin in am don spriocdháta ar an 31 Márta;
- rochtain a fháil ar ráitis bhainc an pháirtí polaitíochta toisc go raibh athrú ann ar an dhuine freagrach; agus

- moill shuntasach i dtaca le nósanna imeachta chun cuntais shíntiús polaitíochta a oscailt

Tá sé curtha in iúl ag aonaid chuntasaíochta go bhféadfadh sé gur próiseas fada é an próiseas chun cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus go bhféadfadh moill a bheith ann dá bharr, síntiús a lóisteáil, mar a éilítear faoin Acht Toghcháin.

Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2020

Ba é €544,721.59 an t-iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta i ndáil leis an mbliain 2020.

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur isteach chuig an gCoimisiún. Mar a nótáladh i dtuarascálacha roimhe seo, bíonn sé deacair don Choimisiún a fháil amach cárb as a dtagann an t-airgead atá á sealbhú i gcuntais síntiús polaitíochta na n-aonad chuntasaíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i leith forálacha síntiús an Achta.

Arís i mbliana, tá an Coimisiún den tuairim gur gá an reachtaíocht a bheachtú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir le haonaid chuntasaíochta.

Tábla: Líon na n-aonad cuntasaíochta de réir pháirtí polaitíochta

Páirtí Polaitíochta	Líon iomlán na n-aonad cuntasaíochta
Fine Gael	39
Fianna Fáil	36
Páirtí an Lucht Oibre	32
An Comhaontas Glas	23
Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	12
Daonlathaigh Sóisialta	9
Sinn Féin	8
Iomlán	159

Caibidil 4: Doiciméid reachtúla a fhoilsú

De réir alt 24(7)(a) den Acht, leag an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a thug páirtithe polaitíochta, faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu. Tá na doiciméid le fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

De réir alt 73 den Acht, ní mór na doiciméid a chur ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ina oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I bhfianaise na paindéime COVID-19 faoi láthair, tá oifigí an Choimisiúin dúnta don phobal. Nuair a scaoilfear na srianta beifear ábalta iniúchadh pearsanta a dhéanamh arís. Moltar glaoch a chur roimh ré chun a chinntiú go bhfuil an oifig ar oscailt don phobal. Sa chás nach féidir iniúchadh poiblí a dhéanamh go pearsanta, is féidir cóipeanna a chur ar fáil ach iarratas a chur isteach chuig an gCoimisiún le ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar an teileafón ag (01) 639-5666.

Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2020

Aontú
Páirtí Cumannach na hÉireann
Daonlathas Duitse in Éirinn
Fianna Fáil
Fine Gael
Fís Nua
An Comhaontas Glas
Comhaontas Dhínit an Duine
Aitheantas Éire
Neamhspleáigh ar son an Athraithe
An Páirtí Daonlathach Éireannach
Cumann na Saoirse
Comhaontas Neamhspleách Chiarraí
Páirtí an Lucht Oibre
An Páirtí Náisiúnta
Páirtí ar son Leas Ainmhithe
RENUA Éireann
Right to Change Party
Sinn Féin
Na Daonlathaithe Sóisialta
Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús
Páirtí na nDaoine Aontaithe
Páirtí na nOibrithe
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe

Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2020

Fine Gael

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Brophy Colm, TD	Duine aonair	1,558.82
Bruton Richard, TD	Duine aonair	1,511.91
Burke Colm, TD	Duine aonair	1,546.91
Burke Paddy, TD	Duine aonair	1,625.73
Clune Deirdre, FPE	Duine aonair	1,787.64
Coveney Simon, TD	Duine aonair	1,505.00
D'Arcy Michael	Duine aonair	2,096.91
Donohoe Paschal, TD	Duine aonair	1,571.91
Doyle Andrew	Duine aonair	1,558.93
Durkan Bernard, TD	Duine aonair	1,863.37
English Damien, TD	Duine aonair	1,520.73
Farrell Alan, TD	Duine aonair	1,528.82
Feighan Frankie, TD	Duine aonair	1,576.91
Fitzgerald Frances, FPE	Duine aonair	1,586.91
Griffin Brendan, TD	Duine aonair	1,553.82
Harris Simon, TD	Duine aonair	1,906.46
Humphreys Heather, TD	Duine aonair	1,571.91
Kearney Mary Seery, Senator	Duine aonair	2,251.57
Kelly Seán, FPE	Duine aonair	1,646.91
McEntee Helen TD	Duine aonair	1,546.91
McHugh Joe, TD	Duine aonair	1,516.91
Murphy Eoghan, TD	Duine aonair	1,721.91
Naughton Hildegard, TD	Duine aonair	1,521.91
O'Donnell Kieran, TD	Duine aonair	1,631.91
O'Donovan Patrick, TD	Duine aonair	1,583.82
Phelan John Paul, TD	Duine aonair	1,553.82
Varadkar Leo, Tánaiste	Duine aonair	1,571.91
Walsh Maria, FPE	Duine aonair	1,747.64
Iomlán		46,167.91

Comhaontas Glas

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Cuffe Ciarán, FPE	Duine aonair	2,500
Kinsella Christopher	Duine aonair	2,500
McGeeney Kevin	Duine aonair	2,500
O'Sullivan Grace, FPE	Duine aonair	2,500
Sykes Mark	Duine aonair	1,500
Iomlán		11,500

Páirtí an Lucht Oibre

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Bacik Ivana, Seanadóir	Duine aonair	1800
Bolger Margherite	Duine aonair	1000
Howlin Brendan, TD	Duine aonair	2400
Humphries Kevin, TD	Duine aonair	1800
Kelly Alan, TD	Duine aonair	2200
Nash Ged, TD	Duine aonair	2250
O'Sullivan Jan, TD	Duine aonair	2400
McCullough Eoin	Duine aonair	1000
Sherlock Seán, TD	Duine aonair	2400
Smith Duncan	Duine aonair	700
Iomlán		17,950

Páirtí Náisiúnta

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Clancy Patrick	Duine aonair	2500
Iomlán		2500

Sinn Féin

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Andrews Chris, TD	Duine aonair	2,300.00
Carthy Matt, TD	Duine aonair	2,496.00
Conway-Walsh Rose, TD	Duine aonair	2,500.00
Cronin Reada, TD	Duine aonair	2,500.00
Daly Pa, TD	Duine aonair	2,499.97
Doherty Pearse, TD	Duine aonair	2,288.00
Donnelly Paul, TD	Duine aonair	2,272.70
Doyle Dawn	Duine aonair	1,600.00
Ellis Dessie, TD	Duine aonair	2,499.96
Farrell Mairéad, TD	Duine aonair	2,499.97
Gavan Paul, Senator	Duine aonair	2,460.00
MacLochlainn Pádraig, TD	Duine aonair	2,460.00
McDonald Mary Lou, TD	Duine aonair	2,500.00
McManus Chris, FPE	Duine aonair	2,499.93
Mitchell Denise, TD	Duine aonair	2,460.00
Munster Imelda, TD	Duine aonair	2,460.00
Mythen Johnny, TD	Duine aonair	2,272.70
Ó'Laoghaire Donnchadh, TD	Duine aonair	1,845.00
Ó'Murchú Ruairí, TD	Duine aonair	2,499.93
O'Reilly Louise, TD	Duine aonair	2,460.00
O'Rourke Aaron	Duine aonair	2,450.00
O'Rourke Darren, TD	Duine aonair	2,272.70
Ó'Snodaigh Aengus TD	Duine aonair	2,500.00
Quinlivan Maurice, TD	Duine aonair	2,460.00
Ryan Patricia TD	Duine aonair	2,222.16
Stanley Brian, TD	Duine aonair	2,499.96
Tully Pauline, TD	Duine aonair	2,500.00
Ward Mark, TD	Duine aonair	2,222.16
Warfield Fintan, Seanadóir	Duine aonair	2,500.00
Wynne Violet Anne TD	Duine aonair	1,666.62
Iomlán		70,667.76

An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
English Pat, Clr	Duine aonair	1,500
Iomlán		1,500

Páirtí na nOibrithe

Ainm an deontóra	Cur síos ar an deontóir	Luach an tsíntiúis €
Hughes Sean	Duine aonair	2,400
Iomlán		2,400